*Uimhir* 36 *de* 1996

# An tAcht um Chlárú Breitheanna, 1996
[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 36 *de* 1996

# AN tACHT UM CHLÁRÚ BREITHEANNA, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Na sonraí is gá maidir le breitheanna a chlárófar nó a athchlárófar tar éis thosach feidhme an Achta.

2. Foirmeacha.

3. Clárleabhair a sheachadadh agus a sholáthar.

4. Leasú ar an *Registration of Births and Deaths (Ireland) Act*, 1863.

5. Leasú ar an *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880.

6. Leasuithe iarmhartacha.

7. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

AN SCEIDEAL

Na Sonraí a Bheidh le Clárú i gClárleabhar

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880 | 43 & 44 Vict. c. 13 |
| Na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1994 | |
| An tAcht um Chlárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí, 1972 | 1972, Uimh. 25 |
| An tAcht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2), 1960 | 1960, Uimh. 44 |
| Acht an Gharda Síochána, 1989 | 1989, Uimh. 1 |
| An tAcht Dlisteanais, 1931 | 1931, Uimh. 13 |
| *Registration of Births and Deaths (Ireland) Act*, 1863 | 26 & 27 Vict. c. 11 |
| An tAcht um Stádas Leanaí, 1987 | 1987, Uimh. 26 |

*Uimhir* 36 *de* 1996

# AN tACHT UM CHLÁRÚ BREITHEANNA, 1996

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AN DLÍ I nDÁIL LE CLÁRÚ AGUS ATHCHLÁRÚ BREITHEANNA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[19 *Nollaig*, 1996]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) Is éard a bheidh i gclárú breithe a chlárófar tar éis thosach feidhme an Achta seo— Na sonraí is gá maidir le breitheanna a chlárófar nó a athchlárófar tar éis thosach feidhme an Achta.

(*a*) faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1994,

(*b*) faoi alt 6 den Acht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2), 1960, nó

(*c*) faoi alt 4 d'Acht an Gharda Síochána, 1989,

faisnéis faoi na sonraí maidir leis an mbreith sin a shonraítear sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo.

(2) Is éard a bheidh in athchlárú breithe a athchlárófar tar éis thosach feidhme an Achta seo—

(*a*) faoi na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1994, nó

(*b*) faoin Acht Dlisteanais, 1931,

faisnéis faoi na sonraí maidir leis an mbreith sin a shonraítear sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo.

(3) Nuair a bheidh breith aon linbh á clárú, tar éis thosach feidhme an Achta seo, faoi aon cheann de na hachtacháin a luaitear i *bhfo-alt (1)* den alt seo, is é sloinne an linbh a bheidh le taifeadadh sa chlár, faoi réir aon mhodhnuithe teangeolaíochta is gá—

(*a*) sloinne mháthair nó athair an linbh de réir mar a thaispeántar sa chlár nó sloinnte na beirte acu, nó

(*b*) cibé sloinne eile a iarrfaidh an mháthair nó an t-athair agus a cheadóidh an tArd-Chláraitheoir nó duine a bheidh údaraithe aige nó aici más deimhin leis nó léi gur cóir déanamh amhlaidh sna himthosca, nó

(*c*) in aon chás nach mbeidh aon fhaisnéis faoi shonraí thuismíocht an linbh cláraithe, cibé sloinne a shonróidh an faisnéisí.

(4) Nuair a bheidh breith aon linbh á hathchlárú, tar éis thosach feidhme an Achta seo, faoi aon cheann de na hachtacháin a luaitear i *bhfo-alt (2)* den alt seo, ar breith í a bheidh cláraithe tar éis thosach feidhme an Achta seo, is é sloinne an linbh an sloinne a bheidh cláraithe amhlaidh.

(5) Níl feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir leis na sonraí a shonraítear sa *Sceideal* a ghabhann leis an Acht seo—

(*a*) alt 6 den *Registration of Births and Deaths (Ireland) Act*, 1863,

(*b*) alt 34 den *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880, agus

(*c*) alt 5 den Acht um Chlárú Breitheanna, Básanna agus Póstaí, 1972.

(6) Níl feidhm ag alt 1(4) den Acht Dlisteanais, 1931, más rud é maidir leis an taifead sa chlár a bhaineann leis an mbreith atá le hathchlárú—

(*a*) ar clárú é faoi alt 7 (a cuireadh isteach le halt 49 den Acht um Stádas Leanaí, 1987), nó

(*b*) ar athchlárú é faoi alt 7A (a cuireadh isteach leis an alt sin 49),

den *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880, go ndéanfar é, tar éis thosach feidhme an Achta seo, agus gur taifead é ina bhfuil ainm athair an linbh.

(7) Ní dhéanann an t-alt seo difear do chlárú nó d'athchlárú aon bhreithe a bheidh cláraithe nó athchláraithe, de réir mar a bheidh, roimh thosach feidhme an Achta seo.

Foirmeacha.

**2.**—Féadfaidh an tArd-Chláraitheoir foirmeacha a sholáthar lena n-úsáid chun críocha an Achta seo.

Clárleabhair a sheachadadh agus a sholáthar.

**3.**—D'ainneoin fhorálacha ailt 16, 30 agus 47 den *Registration of Births and Deaths (Ireland) Act*, 1863, féadfaidh an tArd-Chláraitheoir cibé socruithe a dhéanamh a mheasfaidh sé nó sí is gá—

(*a*) maidir le seachadadh clárleabhar ag cláraitheoirí, agus

(*b*) maidir le soláthar clárleabhar do chláraitheoirí,

chun críocha an Achta seo.

Leasú ar an *Registration of Births and Deaths (Ireland) Act*, 1863.

**4.**—Leasaítear, leis seo, an Registration of *Births and Deaths (Ireland) Act*, 1863—

(*a*) in alt 30, trí "Form (B) hereunto annexed, in respect of deaths" a chur in ionad "Forms (A.) and (B.) hereunto annexed respectively",

agus

(*b*) trí Fhoirm (A.) atá i gceangal leis a scriosadh.

Leasú ar an *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880.

**5.—**Leasaítear, leis seo, an *Births and Deaths Registration Act (Ireland)*, 1880—

(*a*) in alt 5, trí "(in such form as provided under *section 2* of the *Registration of Births Act, 1996*)" a chur in ionad "(Form A., Schedule 3)",

(*b*) in alt 6, trí "(in such form as provided under *section 2* of the *Registration of Births Act, 1996*)" a chur in ionad "(Form B., Schedule 3)",

(*c*) in alt 37—

(i) trí "birth or" a scriosadh, agus

(ii) trí "form in Schedule B." a chur in ionad "forms in Schedules A. and B. respectively",

agus

(*d*) sa Tríú Sceideal, trí Fhoirmeacha A. agus B. a scriosadh.

Leasuithe iarmhartacha.

**6.—**(1) Leasaítear, leis seo, alt 6(3)(*c*) den Acht Cosanta (Leasú) (Uimh. 2), 1960, trí "nó mír (*b*)" a scriosadh.

(2) Leasaítear, leis seo, alt 48 den Acht um Stádas Leanaí, 1987, trí ", an fhoirm" a scriosadh.

(3) Leasaítear, leis seo, alt 4(3)(*c*) d'Acht an Gharda Síochána, 1989, trí "nó (*b*)" a scriosadh.

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

**7.—**(1) Féadfar an tAcht um Chlárú Breitheanna, 1996, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1996, a ghairm de na hAchtanna um Chlárú Breitheanna agus Básanna, 1863 go 1994, d'alt 1(4) den Acht Dlisteanais, 1931, agus den Sceideal a ghabhann leis, agus den Acht seo le chéile agus forléireofar le chéile iad mar aon ní amháin.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le hordú.

## AN SCEIDEAL

*Alt 1.*

### Na Sonraí a Bheidh le Clárú i gClárleabhar

Uimhir.

Dáta Breithe agus Áit Bhreithe.

Gnéas an Linbh.

Túsainm(neacha) agus Sloinne an Linbh.

Túsainm agus Sloinne, Seoladh agus Slí Bheatha na Máthar.

Aon Seansloinne nó Seansloinnte de chuid na Máthar.

Túsainm agus Sloinne, Seoladh agus Slí Bheatha an Athar.

Aon Seansloinne nó Seansloinnte de chuid an Athar.

Síniú, Cáilíocht agus Seoladh an Fhaisnéisí.

An Tráth a Rinneadh an Clárú.

Síniú an Chláraitheora.

Túsainm(neacha) an Linbh má chuirtear isteach é nó iad tar éis Chlárú na Breithe, agus

Dáta.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. 107792. 42. 6/23. MM Packaging. (93716). Gr.30-15.

9 781399 303828